2009. M49T

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

# CEOL – GNÁTHLEIBHÉAL
## CUMADÓIREACHT (100 marc)
## DÉARDAOIN 18 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 3.15–4.45

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| CEIST | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOM | |
| GRÁD | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- *Scríobh do scrúduimhir, mar a iarrtar, sa bhosca thuas.*
- *Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh sa fhreagarleabhar seo.*
- *Is féidir na spásanna i lár agus i ndeireadh an fhreagarleabhair a úsáid do shracobair.*

| | |
|---|---|
| **1. Iomlán na n-iomlán bunleathanaigh** | |
| **2. Móriomlán na gceisteanna dícheadaithe uile** | |
| **3. Marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2)** | |

**LEATHANACH BÁN**

**Freagair DHÁ cheist – Ceist AMHÁIN as Roinn A (Cumadóireacht Séise) agus ceist AMHÁIN as Roinn B (Armóin)**

## ROINN A – CUMADÓIREACHT SÉISE (40 marc)

GAN ACH CEIST AMHÁIN *a fhreagairt sa roinn seo: C1 nó C2 nó C3. Tabhair faoi deara go bhfuil dhá roinn i gC1 agus i gC3.*

### C.1 LEANÚINT D'OSCAILT A THUGTAR

I gcás (a) *agus* (b) araon,

• Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis ocht mbarra a dhéanamh, ag críochnú ar an ngléasnóta, sé sin, dó.

• Cuir comharthaí mírithe agus mothúchán cuí leis an tséis.

• Roghnaigh uirlis oiriúnach do gach ceann de na séiseanna atá agat as an liosta a thugtar:

(a) ❒ veidhlín ❒ trumpa ❒ fliúit ❒ cláirnéid




*AGUS*

(b) ❒ veidhlín ❒ trumpa ❒ fliúit ❒ cláirnéid




**(40)**

**C.2 CEOL A CHUR LE TÉACS A THUGTAR**

Seo a leanas slíocht as an dán *Jack* le Máire Mhac an tSaoi.


Mac Feirmeora ó iarthar Tíre,

Mac Feirmeora i lár an lae,

Garsún Fionn sé troithe ar airde

Mac Feirmeora amuigh fén spéir.

• Cuireadh rithim leis an dá líne thosaigh. Cum rithim a d'oirfeadh do na focail eile.





Gar - sún Fionn sé troi - the ar air - de

Mac Feirm - eo - ra a - muigh fén spéir.

• Ag úsáid na rithime seo, cum séis ocht mbarra, a thosaíonn mar a thaispeántar agus a chríochnaíonn ar an ngléasnóta, sé sin, dó.

• Cuir comharthaí mírithe agus mothúchán cuí leis an tséis.




**(40)**

**C.3 CUMADÓIREACHT DO RITHIM NÓ DO MHEADARACHT NÓ D'FHOIRM DAMHSA A THUGTAR**

Freagair (a) *agus* (b).

(a) Déan staidéar ar an oscailt válsa seo.

• Comhlánaigh an chéad mhír.

• Cum mír a fhreagraíonn di, a chríochnaíonn ar an ngléasnóta, sé sin, dó.

• Cuir comharthaí mírithe agus mothúchán cuí leis an tséis.

• Roghnaigh uirlis oiriúnach don tséis agatsa as an liosta seo a leanas:

☐ óbó ☐ fliúit ☐ trumpa ☐ corn




*AGUS*

(b) Déan staidéar ar an oscailt gabhóide seo.

• Comhlánaigh an chéad mhír.

• Cum mír a fhreagraíonn di, ag críochnú ar an ngléasnóta, sé sin, dó.

• Cuir comharthaí mírithe agus mothúchán cuí leis an tséis.

• Roghnaigh uirlis oiriúnach don tséis agatsa as an liosta seo a leanas:

☐ óbó ☐ cláirnéid ☐ veidhlín ☐ corn




**(40)**


**ROINN B – ARMÓIN (60 marc)**

GAN ACH CEIST AMHÁIN *sa roinn seo a fhreagairt:* C4 *nó* C5 *nó* C6

## C.4 CUMADÓIREACHT NÓTAÍ SÉISE AGUS DOIRD Ó SHRAITH CORDAÍ


RÉAMHOBAIR

• Scríobh amach mórscála G ar an gcliath thíos:



• Rianaigh na cordaí atá ann sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc, nó ar an gcliath thíos. Tugtar an chéad chorda.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | D<br>B<br>G | | F♯<br>D<br>B | | | | C<br>A<br>F♯ |
| Siombail chorda | G | | Bm | | | | F♯dim |
| Uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii |




**SRACOBAIR**

• Deán staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.


• Ag úsáid na rithimí a thugtar, cuir isteach nótaí séise agus doird chun na dúntaí agus na réamhchordaí a chomhlánú mar seo a leanas:


(i) Ag A, dúnadh BRISTE le réamhchorda (IV—V—vi)


(ii) Ag B, dúnadh NEAMHFHOIRFE le réamhchorda (I—IV—V)


(iii) Ag C, dúnadh TÁNAISTEACH le réamhchorda (vi—IV—I)

(iv) Ag D, dúnadh FOIRFE le réamhchorda (ii—V—I)








**(60)**

## C.5 DORDNÓTAÍ AGUS COMHARTHAÍ CORDA A CHUR ISTEACH AG POINTÍ DUNTA


RÉAMHOBAIR

• Scríobh amach mórscála G ar an gcliath thíos:



• Rianaigh na cordaí atá ann sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc, nó ar an gcliath thíos.
  Tugtar an chéad chorda.

| Nótaí an chorda | D<br>B<br>G | | F♯<br>D<br>B | | | | C<br>A<br>F♯ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Siombail chorda | G | | Bm | | | | F♯dim |
| Uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii |




**SRACOBAIR**

• Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.

• Cuir isteach dordnótaí agus comharthaí corda oiriúnacha chun na dúntaí ag A, B, C agus D a chomhlánú.

• Is féidir úsáid a bhaint as siombailí corda nó as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint astu araon.





**(60)**

**C.6 NÓTAÍ FORSHÉISE AGUS COMHARTHAÍ CORDA A CHUR ISTEACH AG POINTÍ DÚNTA**


RÉAMHOBAIR

• Scríobh amach mórscála C ar an gcliath thíos:



• Rianaigh na cordaí atá ann sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc, nó ar an gcliath thíos. Tugtar an chéad chorda.

| Nótaí an chorda | G<br>E<br>C | | B<br>G<br>E | | | | F<br>D<br>B |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Siombail chorda | C | | Em | | | | Bdim |
| Uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii |




**SRACOBAIR**

• Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.

• Cuir isteach cordaí oiriúnacha agus nótaí forshéise ag A, B, C agus D chun na deirí míre a chomhlánú.

• Is féidir úsáid a bhaint as siombailí corda nó as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint astu araon.




**(60)**

**LEATHANACH BÁN**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO ☛**

**CEOL – GNÁTHLEIBHÉAL**

**ÉISTEACHT (100 marc)**

**DÉARDAOIN 18 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 1.30–3.00**

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| CEIST | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOM. | |
| BÓN. DON GH. | |
| MÓRIOM. | |
| GRÁD | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- ❒ *Scríobh do scrúduimhir, mar a iarrtar, sa bhosca thuas.*
- ❒ *Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach le sliocht na trialach. Mura féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, labhair leis an bhFeitheoir anois.*
- ❒ *Éist chun go gcloisfidh tú an ghíog rabhaidh agus na fógraí ar an taifeadadh.*
- ❒ *Is féidir do chuid freagraí a scríobh nuair is mian leat, le linn an taifeadta nó le linn na sosanna.*
- ❒ *Scríobh do chuid freagraí uile sa fhreagarleabhar seo sna spásanna atá ann dóibh. I gceisteanna a bhfuil rogha iontu, cuir tic sa bhosca cuí.*
- ❒ *Bain úsáid as na spásanna laistigh den chlúdach cúil don tsracobair.*
- ❒ *Ná tabhair aon pháipéir eile leat isteach i halla an scrúdaithe.*
- ❒ *Níl cead agat aon ní a rá, cnagadh ná crónán a dhéanamh ná canadh le linn an scrúdaithe seo.*

**C. 1** Sliocht as *Sgt. Pepper's Lonely Hearts Club Band* le John Lennon & Paul McCartney.

- Ní sheinnfear an sliocht iomlán ach AON UAIR AMHÁIN. Seinnfear ansin codanna A, B agus C, a baineadh as an sliocht seo, TRÍ huaire. Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Freagair na ceisteanna ar leathanach 3.

**Cuid A, na Barraí 1–12**




**Cuid B, na Barraí 13–29.** Tá liricí na coda seo priontáilte thíos.

| | |
|---|---|
| *Líne 1* | We're Sergeant Pepper's Lonely Hearts Club Band |
| *Líne 2* | We hope you will enjoy the show |
| *Líne 3* | Sergeant Pepper's Lonely Hearts Club Band |
| *Líne 4* | Sit back and let the evening go |
| *Líne 5* | Sergeant Pepper's Lonely, Sergeant Pepper's Lonely |
| *Líne 6* | Sergeant Pepper's Lonely Hearts Club Band. |

**Cuid C, na Barraí 30–42. Níl ceol priontáilte ar bith ann don roinn seo.**

**Cuid A, na Barraí 1–12**

(i) Is é amchomhartha an amhráin seo ná

❒ $\frac{2}{4}$ ❒ $\frac{4}{4}$ ❒ $\frac{3}{4}$

(ii) Sainaithin gné **amháin** de chuid líne an ghutha mar a chloistear sa chuid seo í.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Úsáidtear sainéifeachtaí éagsúla fuaime in oscailt na coda seo. Mínigh é sin.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**Cuid B, na Barraí 13–29**

(i) Cad iad na huirlisí práis a chloistear á seinm sa chuid seo? _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Sainaithin slí **amháin** ina bhfuil difríocht idir líne an ghutha sa chuid seo agus líne an ghutha i gCuid A.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) An dúnadh i ndeireadh líne 4 tá sé

❒ foirfe ❒ neamhfhoirfe ❒ briste

**Cuid C, na Barraí 30–42. Níl ceol priontáilte ar bith ann don chuid seo.**

(i) Cén ceann amháin díobh seo a leanas a chloistear sa chuid seo?

❒ aithris ❒ cordaí marthanacha ❒ trípléadaigh

(ii) Cad iad na huirlisí a sheinneann na Beatles san amhrán seo?

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Sa tábla thíos, scríobh síos amhráin de chuid na mBeatles atá ar do chúrsa ina gcloistear na huirlisí atá liostaithe.

| Uirlis(í) | Amhrán |
|---|---|
| Cláirnéid | |
| Cláirseach agus Téaduirlisí | |
| Coirn Fhrancacha | |

**(25)**

**C. 2** Seinnfear sliocht as *Coinséartó don Phianó i Mórghléas A* K488 le Mozart TRÍ huaire.

- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Tá breac-scór de na barraí 1–15 sa sliocht priontáilte thíos.




- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Cén ghluaiseacht ar baineadh an sliocht seo as?

☐ a haon ☐ a dó ☐ a trí

(ii) Sna barraí 1–8 is é a sheinntear ar an bpianó ná

☐ an tséis ☐ an tséis agus an tionlacan ☐ an tionlacan

(iii) Cé acu ceann díobh seo a leanas is féidir a chloisteáil sa chuid seo tar éis bharra 15?

☐ nótaí athdhéanta ☐ scálaí ☐ tríphléadaigh

(iv) Is é foirm na gluaiseachta seo ina hiomláine ná

☐ dénártha ☐ trínártha ☐ sonáid rondó ☐ sonáid

(v) Is é stíl an choinséartó seo ná

☐ ceol pobail ☐ clasaiceach ☐ rómánsach ☐ nua-aimseartha

Sainaithin gné **amháin** de chuid na stíle seo mar a chloistear í in *Coinséartó don Phianó i mórghléas A* K488.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(10)**

**C. 3** Seinnfear sliocht as *Symphonie Fantastique* le Berlioz TRÍ huaire.

• Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
• Níl ceol priontáilte ar bith ann don cheist seo.

• Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Ainmnigh an ghluaiseacht as ar baineadh an sliocht seo _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Is é méadar na gluaiseachta seo ná

❒ 2 ❒ 3 ❒ 4

(iii) Sa sliocht seo, seinntear scála síos faoi dhó.
Seinntear é ar an

❒ trumpa ❒ corn Francach ❒ trombón

(iv) Sliocht é seo a dtarlaíonn athrú luais ann. Déan cur síos ar an athrú seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(v) Gné den siansa seo é an *idée fixe*. Mínigh é sin.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(10)**

**C. 4** Seinnfear sliocht as *Seachanges with Danse Macabre* le Deane TRÍ huaire.

• Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
• Níl ceol priontáilte ar bith ann don cheist seo.

• Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Tá an chuid seo bunaithe ar

☐ Dies Irae ☐ cillín trí nóta ☐ Totentanz




(ii) Is í an ghaothuirlis adhmaid a chloistear sa sliocht seo ná

☐ fliúit ☐ cláirnéid ☐ fliúiteog

(iii) Sa chuid seo is é is mó a sheinntear ar an bpianó ná

☐ scálaí ☐ cordaí ☐ airpéitsí

(iv) Cé acu ceann de na teicníochtaí seo a leanas a chiallaíonn *glissando*?

☐  ☐  ☐ 

Mínigh an téarma *glissando*.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(v) Ainmnigh **trí** chnaguirlis a úsáideann Deane in Seachanges.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

3. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(10)**

**LEATHANACH BÁN**

**C. 5 Ceol Gaelach**

Cloisfidh tú TRÍ shliocht, gach ceann díobh á sheinm TRÍ huaire. Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.

• Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1**

(i) Sampla is ea an fonn seo de

☐ cornphíopa ☐ ríl ☐ port luascach

(ii) Barra rithime tipiciúil a bhaineann leis an saghas seo damhsa ná

☐  ☐  ☐ 

(iii) Ainmnigh an uirlis a sheinntear sa sliocht seo _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**Sliocht 2**

(i) Cad a thugtar ar an stíl amhránaíochta seo? _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Sainaithin **dhá** ghné de chuid stíl na hamhránaíochta seo mar atá sa taifeadadh.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Is é uigeacht an tsleachta ná

☐ monafónach ☐ homafónach ☐ ilfhónach

**Sliocht 3**

(i) Ainmnigh **dhá** uirlis ar a seinntear an tséis sa taifeadadh seo.

1. _______________________ 2. _______________________

(ii) Ainmnigh uirlis **amháin** ar a seinntear an tionlacan.

_______________________

(iii) Tá an sliocht seo á sheinm ag

❒ banna céilí ❒ ceolfhoireann ❒ grúpa traidisiúnta

(iv) Déan cur síos ar shlí **amháin** a bhfuil gnéithe traidisiúnta le sonrú sa seinm seo.

_______________________________________________________________

_______________________________________________________________

**(25)**


**Beidh sos dhá nóiméad déag ann roimh an gcéad cheist eile.**

**C. 6 Scileanna Éisteachta.** Tá an cheist seo bunaithe ar THRÍ shliocht as *Gloria* le Antonio Vivaldi.

- Seinnfear gach sliocht TRÍ huaire. Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1**

- Sliocht as *Domine Fili unigenite*. Tá breac-scór de na barraí 1–17 sa sliocht priontáilte thíos.




(i) Gluaiseann dordlíne na chéad ocht mbarra

❐ suas céim ar chéim ❐ suas de léim

❐ síos céim ar chéim ❐ síos de léim

(ii) Sna barraí 9–17, is iad na hamhránaithe atá ann ná


❐ fir ❐ mná ❐ fir agus mná le chéile

(iii) Ó bharra 18 ar aghaidh tagann níos mó

❐ guthanna isteach ❐ uirlisí isteach ❐ guthanna agus uirlisí isteach

**Sliocht 2**

- Sliocht as *Laudamus te*. Tá breac-scór de na barraí 17–36 sa sliocht priontáilte thíos.



(i) San intreoir tá

❒ scálaí ❒ nótaí athdhéanta ❒ nótaí fada marthanacha

(ii) Is iad na guthanna atá sa sliocht seo ná

❒ guthanna fear ❒ guthanna ban ❒ guthanna fear agus ban le chéile

Canann siad

❒ d’aon ghuth ❒ d’iontamhail ❒ i bhfrithghluaisne

(iii) Cén fhoireann uirlisí a thionlacann na guthanna sa sliocht seo? _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**Sliocht 3**

- Sliocht as *Quoniam tu solus Sanctus*. Níl ceol priontáilte ar bith ann don roinn seo.

(i) Ainmnigh an uirlis phráis a chloistear san iontreoir. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Sna ceolta gutha sa sliocht seo tá

❒ scálaí síos ❒ nótaí athdhéanta ❒ airpéitsí

(iii) Tá athrú sa sliocht seo sa/sna

❒ dinimic ❒ luas ❒ uirlisí

Mínigh

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(20)**

**Tá cúig nóiméad agat chun an scrúdpháipéar seo a chríochnú.**

**LEATHANACH BÁN**